Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13923/20**

**REGIO 285**
**FSTR 194**
**FC 98**
**SOC 800**
**DEVGEN 183**
**AGRISTR 114**
**PECHE 435**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13597/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt uirbeach agus chríochach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt uirbeach agus chríochach, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 14 Nollaig 2020.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt uirbeach agus chríochach**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) AITHNÍONN SÍ a mhéid a rannchuidítear, de bharr Chairt Leipzig maidir le Cathracha Eorpacha inbhuanaithe an 25 Bealtaine 2007, le creat comhtháite a bhunú i dtaca le forbairt uirbeach chomhtháite inbhuanaithe san Eoraip, lena gcothaítear beartais forbartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

(2) AITHNÍONN SÍ a mhéid a rannchuidíonnClár Oibre Críochach an Aontais 2020 an 19 Bealtaine 2011 agus a réamhtheachtaí, Clár Oibre Críochach an Aontais Eorpaigh an 25 Bealtaine 2007, le comhtháthú críochach a neartú, a luaitear mar chuspóir an Aontais, lena gcothaítear forbairt chothromaithe agus inbhuanaithe ar chríoch na hEorpa agus comhtháthú na gné críochaí i mbeartais ar gach leibhéal an rialachais;

(3) AITHNÍONN SÍ a mhéid a rannchuidíonn Dearbhú Riga an 10 Meitheamh 2015 mar threochlár i dtreo an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas Eorpach a bhunú;

(4) AITHNÍONN SÍ a mhéid a rannchuidíonn Comhshocrú Amstardam an 30 Bealtaine 2016, leis an gclár oibre uirbeach don Aontas Eorpach a bhunú, lena gcothaítear rialachas il-leibhéil agus comhar idir go leor geallsealbhóirí san fhorbairt uirbeach, lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna amhail rialáil níos fearr, cistiú níos fearr agus eolas níos fearr ar an leibhéal Eorpach;

(5) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí uaithi an 24 Meitheamh 2016 maidir leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach inar iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról gníomhach a bheith acu i gcur chun feidhme agus in éascú an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas, trí dheis a thabhairt do na príomh-chomhpháirtithe ábhartha a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear ionadaithe ó údaráis uirbeacha agus réigiúnacha;

(6) MEABHRAÍTEAR DI an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Iúil 2018 maidir le ról na cathrach i gcreat institiúideach an Aontais, inar chuir Parlaimint na hEorpa i dtreis a thábhachtaí atá Cairt Leipzig, an Clár Oibre Uirbeach don Aontas agus ról lárnach na gcathracha maidir le príomhbheartais an Aontais a ullmhú, a cheapadh, a mhaoiniú agus a chur chun feidhme;

(7) TAGRAÍONN sí do Dhearbhú Bhúcairist an 14 Meitheamh 2019 inar chomhaontaigh na hAirí atá freagrach as cúrsaí uirbeacha tacú le cur chun feidhme an chláir oibre uirbigh don Aontas Eorpach agus leanúint de i gcomhréir le Cairt Nua Leipzig chun creat beartais comhleanúnach a chothú don fhorbairt uirbeach, agus prionsabal na coimhdeachta agus an gá atá leis an gClár Oibre Críochach an Aontais Eorpaigh a ailíniú a thuilleadh leis an gclár oibre uirbeach don Aontas Eorpach á gcur san áireamh;

(8) IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i Samhain 2017 agus a mheasúnú tionchair ar an gClár Oibre Uirbeach don Aontas i Samhain 2019;

(9) IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuairimí ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le Cairt Nua Leipzig agus le caighdeáin choibhéiseacha maireachtála an 14 Deireadh Fómhair 2020 agus maidir le Clár Oibre Críochach athnuaite an 8 Deireadh Fómhair 2019;

(10) IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le clár oibre uirbeach don Aontas Eorpach, le Cairt Leipzig agus le clár oibre uirbeach don Aontas Eorpach an 18 Meán Fómhair 2020;

(11) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an leas coiteann a shaothrú trí leas a bhaint as cumhacht chlaochlaitheach na gcathracha. Áirítear leis sin an leas ginearálta, seirbhísí poiblí iontaofa leasa ghinearálta chomh maith le cineálacha nua neamhionannas sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus críochach a laghdú agus a chosc go háirithe idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe;

(12) CUIREANN SÍ I dTREIS a ábhartha atá sé gnéithe uirbeacha agus tuaithe agus gnéithe críochacha eile a idirnascadh agus an cur chuige áitbhunaithe á leanúint mar phrionsabal uileghabhálach do gach áit agus do gach beartas agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus leis na hinniúlachtaí;

(13) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról atá ag an mBeartas Comhtháthaithe maidir le straitéisí agus tionscadail forbartha uirbí atá comhtháite agus inbhuanaithe a chur chun feidhme agus an ról atá ag an bhforbairt chríochach chomhtháite a mhéid a bhaineann le cóineasú agus comhtháthú críochach idir áiteanna agus thar leibhéil spásúla a bhaint amach;

(14) IS DÍOL SÁSAIMH DI Cairt Nua Leipzig agus na príomhphrionsabail maidir le dea-rialachas uirbeach a ghabhann leis arb ionann iad agus creat straitéiseach cuimsitheach d'fhorbairt uirbeach atá comhtháite, athléimneach agus inbhuanaithe agus arb é is aidhm dó cumhacht chlaochlaitheach na gcathrach a neartú ar mhaithe leis an leas coiteann;

(15) IS DÍOL SÁSAIMH DI an doiciméad dar teideal 'Cairt Nua Leipzig a chur chun feidhme trí bhíthin rialachas il-leibhéil: na chéad chéimeanna eile don Chlár Oibre Uirbeach don Aontas' mar fhorbairt bhreise ar an gClár Oibre Uirbeach don Aontas, lena ndéantar rialachas il-leibhéil agus comhar ilgeallsealbhóra san fhorbairt uirbeach a thabhairt chun cinn , lena saothraítear cuspóirí Chairt Nua Leipzig;

(16) IS DÍOL SÁSAIMH DI Clár Oibre Críochach 2030 mar chreat beartais atá dírithe ar ghníomhaíocht chun comhtháthú críochach a chur chun cinn san Eoraip agus treoshuíomh straitéiseach a sholáthar chun an ghné chríochach a neartú i ngach beartas agus ar gach leibhéal rialtais, lena n-áirítear thar theorainneacha, agus é mar aidhm go mbeadh todhchaí inbhuanaithe ann ar gach críoch agus do gach duine;

AN GHNÉ UIRBEACH

(17) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

a) leanúint de ról gníomhach a bheith aige – faoina fhreagrachtaí agus faoina inniúlachtaí – maidir leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh i gcomhréir leis na prionsabail straitéiseacha a leagtar amach i gCairt Nua Leipzig;

b) leanúint – faoina fhreagrachtaí agus faoina inniúlachtaí – de chur chun feidhme an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas a éascú trí thacaíocht a sholáthar trí bhíthin an Tionscnaimh Uirbigh don Aontas, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus trína áirithiú go mbeidh na hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha rannpháirteach sa phróiseas;

c) comhleanúnachas, comhtháthú agus comhordú an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas Eorpach a áirithiú – faoina fhreagrachtaí agus faoina inniúlachtaí – trí thacú, i gcás inarb ábhartha, leis an tacar gníomhaíochtaí agus moltaí a eascraíonn as Comhpháirtíochtaí Téamacha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo nó a eascraíonn as modhanna seachadta il-leibhéil agus ilgheallsealbhóra a bhunaítear faoin gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach;

d) a ghníomhaíochtaí maidir leis an ngné uirbeach de bheartais an Aontais a ailíniú – faoina fhreagrachtaí agus faoina inniúlachtaí – leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach, go háirithe a mhéid a bhaineann lena thosaíochtaí polaitiúla, lena chlár oibre agus lena chuid oibre reachtaí;

e) tuairisciú go tráthrialta i gcomhthéacs an Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir oibre uirbigh;

(18) IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) bunú beartas uirbeach, náisiúnta nó réigiúnach a chothú – faoina bhfreagrachtaí agus faoina n-inniúlachtaí – agus leanúint díobh de réir threoirlínte Chairt Nua Leipzig arb é is aidhm dóibh an leas coiteann a bhaint amach agus forbairt uirbeach atá comhtháite, athléimneach agus inbhuanaithe a neartú;

b) na céimeanna iomchuí a ghlacadh – faoina bhfreagrachtaí agus faoina n-inniúlachtaí – chun an Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir leis na prionsabail straitéiseacha a leagtar amach i gCairt Nua Leipzig;

c) a áirithiú – faoina bhfreagrachtaí agus faoina n-inniúlachtaí – go mbeidh sé de chumas ag cathracha gníomhú chun freagairt do dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

d) tacú, i gcás inarb ábhartha, le cur chun feidhme an tacar gníomhaíochtaí agus moltaí a eascraíonn as Comhpháirtíochtaí Téamacha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo nó a eascraíonn as modhanna seachadta il-leibhéil agus ilgheallsealbhóra a bhunaítear faoin gclár oibre uirbeach don Aontas;

(19) SPREAGANN SÍ údaráis áitiúla agus réigiúnacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun cuspóirí Chairt Nua Leipzig a chur i ngníomh agus na prionsabail a ghabhann leis a chur chun feidhme i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach agus le prionsabal na coimhdeachta;

b) na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun an Clár Oibre don Aontas a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir leis na prionsabail straitéiseacha a leagtar amach i gCairt Nua Leipzig agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach agus le prionsabal na coimhdeachta;

c) comhar a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha eile de gach méid, leis an earnáil phríobháideach, le pobail áitiúla, le hinstitiúidí eolais, le comhpháirtithe sóisialta agus leis an tsochaí shibhialta chun cuspóirí an chláir oibre uirbigh don Aontas Eorpach a thabhairt chun cinn;

(20) IARRANN SÍ ar Pharlaimint na hEorpa an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) torthaí agus moltaí na gComhpháirtíochtaí Téamacha nó modhanna seachadta il-leibhéil agus ilgheallsealbhóra eile arna mbunú faoin gclár oibre uirbeach don Aontas Eorpach a chur san áireamh agus reachtaíocht ábhartha nua an Aontais agus reachtaíocht atá ann cheana á bplé;

b) nasc leanúnach idir an Idirghrúpa Uirbeach agus an clár oibre uirbeach do phróiseas an Aontais Eorpaigh a bhunú;

(21) IARRANN SÍ ar Choiste na Réigiún agus ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) ionchur agus tacaíocht a chur ar fáil, faoina n-inniúlachtaí, maidir leis an gclár oibre uirbeach don Aontas Eorpach i gcomhréir leis na prionsabail straitéiseacha a leagtar amach i gCairt Nua Leipzig, lena rannchuidítear le cuspóirí an chláir oibre uirbigh don Aontas Eorpach;

(22) IARRANN sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) rannchuidiú le hobair na gComhpháirtíochtaí Téamacha nó modhanna seachadta il-leibhéil agus ilgheallsealbhóra eile arna mbunú faoin gclár oibre uirbeach don Aontas Eorpach;

b) prionsabail straitéiseacha Chairt Nua Leipzig agus cuspóirí an chláir oibre uirbigh don Aontas Eorpach a léiriú, de réir mar is iomchuí, a mhéid a bhaineann lena chur chuige maidir le hiasachtú, le cumasc deontas agus iasachtaí agus le seirbhísí comhairleacha sa chomhthéacs uirbeach, agus an gá atá le tacaíocht a thabhairt do straitéisí forbartha inbhuanaithe uirbeacha agus réigiúnacha á chur san áireamh;

AN GNÉ CHRÍOCHACH

(23) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

a) rannchuidiú le tosaíochtaí Chlár Oibre Críochach 2030 ('Clár Críochach') agus a chuid iarrachtaí a neartú a thuilleadh chun comhtháthú críochach san Eoraip agus an ghné chríochach i mbeartais an Aontais a chur chun cinn agus chun na beartais earnála ábhartha a chomhordú;

b) forbairt chríochach chomhtháite agus glacadh uirlisí agus ionstraimí ábhartha a chur chun cinn a thuilleadh tríd an mBeartas Comhtháthaithe agus trí bheartais ábhartha eile de chuid an Aontais;

c) cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh agus a ghníomhaíochtaí píolótacha a éascú agus a chur chun cinn faoina fhreagrachtaí agus faoina inniúlachtaí;

(24) IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) comhar maidir le tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh ar an leibhéal Eorpach a chur chun cinn agus a neartú agus oibriú i dtreo comhtháthú críochach trí bhaint a bheith ag na geallsealbhóirí ábhartha le gach beartas earnála agus ar gach leibhéal rialtais;

b) tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a chur san áireamh i bpróisis agus i ndoiciméid um pleanáil spásúlachta, straitéiseach, réigiúnach agus chríochach;

c) tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a chur i ngníomh agus tograí a chur ar aghaidh maidir le treoirghníomhaíochtaí ar mhaithe leis an bpróiseas cur chun feidhme a bhuanú, de réir mar is iomchuí;

(25) SPREAGANN SÍ údaráis áitiúla agus réigiúnacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) baint a bheith acu le geallsealbhóirí ábhartha agus an Clár Oibre Críochach a chur i bhfeidhm trína thosaíochtaí a mheas ina bpleanáil spásúlachta agus ina straitéisí agus beartais forbartha uileghabhálacha agus tograí a chur ar aghaidh le haghaidh treoirghníomhaíochtaí nua;

(26) IARRANN SÍ ar Pharlaimint na hEorpa an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh i bpróisis reachtacha an Aontais a mheas;

(27) IARRANN SÍ ar Choiste na Réigiún agus ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) rannchuidiú le cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh trína gcomhaltaí agus a n-údaráis áitiúla agus réigiúnacha san Eoraip a spreagadh a thosaíochtaí a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, trí uirlisí críochacha amhail ITI nó CLLD agus forbairt chríochach chomhtháite a neartú trína chuid oibre comhairliúcháin;

(28) IARRANN sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) rannchuidiú leis na treoirghníomhaíochtaí, de réir mar is iomchuí, go háirithe chun tacú le cineálacha cur chuige níos fearr a fhorbairt sa chomhthéacs críochach.

b) tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a léiriú, de réir mar is iomchuí, a mhéid a bhaineann lena chur chuige maidir le hiasachtú, le cumasc deontas agus iasachtaí agus le seirbhísí comhairleacha, agus an gá atá le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chríochach inbhuanaithe á chur san áireamh.